Micilín Mac Donnchadha
as Roisín na mBan Loch
Cárna

D'inis na sgéalta atá
'sa leabhar seo.
Athair, a Seán-athair agus a
Máthair a d'innis an chuid is
mó de na sgéalta dó.

Irish Folk Lore Institute
1, Hume Street, Dublin

C 3000



Tadhg na buile – sé sin Tadhg Ó
Flaithbheartaigh a bhí 'na chomhnuidhe
'san Áird Mhóir le Cárna

Sgéal I

Irish Folk Lore Institute
1, Hume Street, Dublin

Ní raibh aon chriathrach móna 'sa domhan
mar san Áird ní thiúbhrfadh Tadhg cead do aon
duine fód de a bhainnt 7 ní bhainfeadh sé
féin aon fód de – soir i gCurra na h-Áirde
Móire a bhainfeadh sé a chuid móna 7 thugadh
sé siar abhaile le bád í. Nuair a thiocfadh a
gcimreadh sé an áit a gcuirfeadh sé an
bád soir 'sa gcrumpán atá ag Droichead
Coill Sáile agus bhíodh daoine a tabhairt
aire di aige. Bhí máighistireacht aige ar a
taobh tíre ar fad comh fada is bhí a bhealach
ag imtheacht agus chaithfeadh chuile dhuine rud
a bith a déarfadh Tadhg leis a dhéanamh.
Bhí daoine mar beadh saighdiúir aige freisin.
Duine a bith ansoin a beadh go maith as,
a mbeadh beithidhigh nó rud a bith mar sin aige
thiúbhrfadh sé uaidh iad, ní thiúbhrfadh sé uaidh
ar fad iad ar ndóigh ach thiúbhrfadh sé leis an
méid a theastóchadh uaidh féin faoi láthair. Bhí

fear ansoin abí rinċiġṫe na máirnéalaċ
fear a ṫóigeaḋ ’san áird a b’ṡeaḋ é. Bí
an fear seo 7 soiṫeaċ a gabáil siar druim
an lomaire agus ċuala sé an ṫiuin a
~~d’eil~~ é a caoineaḋ ’san áird. Ċuir sé
ialaċ an ṡoiṫeaċ a ṫabairt ar a
mbeirṫeaċ buiḋe. Ċuireaḋ amaċ le bád
fada 7 ṫéir áird é 7 ṡiubail sé ḋo’n
áird as sin go dtáinig sé ċoiṁ fada
leis a’ mbean seo. Nuair a ṫáinig sé
isteaċ ari d’aiṫin sí é. "Dá dtiocfá
ċoiṁ fada liom-sa tá seaċtṁain ó ċoin"
adeir sí "d’féadfainn caoi maiṫ a ċur ort
aċ ṫug Tadg na buile croca mór dom
abí a’m uaim agus bó abí a’m ṫug
sé leis freisin iarraċ inḋé". "Ó bí fios a’m
go raiḃ ~~raiḃ~~ rud eicint ort" adeir sé
mar ċuala mé do ċuid caoineaċán ṡé
méas tú a bféadfainn deanaṁ suas leis
a’ ġeallín atá ann". "Níl fios a’m" adeir

sí. "beiḋ sé le feiċeáilt ann anoċt"
adeir seisean. "Níl mise a gabail a
tabairt aon triáil dó. Má feudaim
bealaċ a' bhí fágaiṫe air anoċt fágfaiḋ
me réiḋ é". An oiḋċe sin nuair a bhí
leaṫ na h-oiḋċe caiṫte ṫáinig sé ag
doras Ṫaiḋg na buile 7 bhuail sé é. D'éirigh
an cailín agus d'fiafruigh sí cé bhí ann.
D'innis sé dí. "Cá bhfuil Tadhg na buile
'na ċodlaḋ" adeir sé. "'Sa leabaiḋ ċool
ṡuas i mbarr an caisleáin" adeir sí.
"A dtiúbhrfaiḋ tú na h-eoċraċaí dom"
adeir sé. "Is maiṫ liom tú 'gá n-iarraiḋ
orm" adeir sí. Ċuaiḋ sé suas i mbarr
a' tiġe agus marbuigh sé Tadhg le sgian.
D'imṫiġ leis ansoin go ndeaċaiḋ sé go
dtí an soiṫeaċ agus bhí Tadhg marbaiḋ
lá 'r na ṁáireaċ agus gan fios cé ṁarbuigh
é agus ní raibh acab ansoin aċ é ċur.

10/1/31

# Taḋġ na buile
## Sgéul II. faoi ḋéanaṁ an Caisleáin.

Nuair a ḃí Taḋġ na buile a ḋéanaṁ a ċaisleáin ṫáiniġ fear óg isteaċ i dteaċ 'san áird agus ḃí sean fear istiġ roiṁe. ~~Dim~~. D'fiafruiġ an sean fear de cé'n ċaoi a raiḃ an caisleán a ġabáil ar aġaiḋ agus cé'n ċaoi a raiḃ sé leaguiġṫe amaċ. "Tá" adeir an fear óg "Oileán de ar aġaiḋ Cill Ċruaiḋ na Cara, agus Oileán ar aġaiḋ Cill Ṁuiġ Inse agus Oileán ar aġaiḋ Cill Ċiaráin agus Oileán ar aġaiḋ Cill Ṁuiġ Ros". "Ní ġabfaiḋ Taḋġ a ḃfad mar sin go scailltear é" adeir a sean fear.

10/1/31

sgéul faoi
Domnall Ó Flaiṫearta — Dreaṫair Ṫaḋg na buille. Bí sé ina comnaiḋe i Maiġ Cuilin

Bí Domnall Ó Flaiṫbearta seo ina comnuiḋe ar ṡúil a bóṫair i Maiġ Cuilinn agus ~~bí~~ ní leigfeaḋ sé duine a' biṫ ṫairis gan sgéul nuaiḋe eicint a bainnt de. Bí dreaṫair eile ina comnuiḋe in aice le Uaċtar Árd. Bí fear a teaċt as Uaċtar Árd an lá seo agus carr móna aige a gabáil go Gaillim. D'fiarruiġ Taḋg de a raib aon sgéul aige. "Níl" adeir sé "aċ go bfuil a leitid seo de fear de na Flaiṫbearta caillte i Uaċtar Árd". "Sin dreaṫair dom-sa" adeir Domnall. Bí carr eile a teaċt ó Gaillim agus bairrille fuisge air. Stop ~~Taḋg~~ Domnall a' carr agus d'fiarruiġ sé cé méad é luaċ a' bairrille. Cébrí cé méad a leag a fear air nior rinne Taḋg aċ a lámh a cur ina póca agus é íoc amaċ. Leag sé an bairrille ar a' mbóṫar agus ċuir

Sé Coe ann agus 'séard dubhairt sé "Is cuma cé ólfas 'sé Domhnall a d'íocfas". Sin sean-focal atá san áit seo ȧċoin.

10/1/31

flaiṫbeartaiġ eile abí ina ċomnuiḋe ar loċ Scannuib i gCárna

---

bí an fear seo ina comnuiḋe ar oileán a bhalla ar loċ na Scannuib. bíoḋ sé ar nós mar bíoḋ Cáoġ na buille, – a tabairt ruḋaí leis. bíoḋ daoine aige agus bád le dul isteaċ is amaċ. bí fear de ċlainne ~~Conġaile~~ Confaola ṡiar an Iorrus Mór. bí clainne Confaola ar fad marbaḋ ag na flaiṫbeartaċ aċ a fear seo aċ mair sé seo agus marbuiġ sé féin triúr de na flaiṫbeartaċ in Iorrus Mór. Nuair a ċuala sé faoi an bflaiṫbeartaċ seo abí ar loċ na Scannuib ṫáinig sé aniar agus bí gléas caiṫte aige. bí cara raiṫnig taob amuiġ ḋen oileán, luiġ sé isteaċ seo agus bí an raiṫneaċ ċom hárd agus naċ raib aon feiceál air. Ní raib mórán sċair idir an ċora agus an t-oileán. bí cloiseann luaiḋe ag a

bflaiṫ bearṫoċ seo agus ċuile maidin
ċuirfeaḋ sé an cloigeann seo anuas ar
a ċloigeann féin go mbreaṫnuiġeaḋ sé
amaċ tríd a ḃfuinneóg. Dá ḃfeicfeaḋ sé
ansoin aon ḋuine naċ dtaiṫneóċaḋ leis
ċaiṫfeaḋ sé agus mar a ḃfeicfeaḋ bain-
feaḋ sé ḋe an cloigeann luaiḋe a ṫabairt
saoiṫe ḋó féin. An maidin seo nuair a
ḃreaṫnuiġ sé amaċ ní faca sé aon
ḋuine agus bain sé ḋe an cloigeann
luaiḋe agus nuair a ḃreaṫnuiġ sé
amaċ an aiṫ-uair <u>spréaċ</u> Mac a Con
faola leis agus ṁarbuiġ sé é. Leanaḋ
10/1/31 fear lorry Mór ansoin aċ ṫuġ sé na
<u>h-aoba</u> uaiṫab.

~~Caois~~

## Réamon a Túrla agus na Flaiṫbearṫa a ḃí i gCaisleán Aċ na nIúr

Ḃí easgan a teaċt ar Loċ Coiriḃ agus ní raiḃ aon ḋuine 'gá ċur i Roilig Ṁaiṫcar Árd naċ sí íṫe. Cailleaḋ máṫair triúr de Clann Ḋonnċaḋa agus ḃí Réamon an fear a b'óige de'n triúr. D'fiarruiġ Réamon de'n ḋreáṫair ba sine a raiḃ aon misneaċ aige a ḋul a faire a ṁáṫar ná de'n ḋarna ḋreáṫair. Dubairt ċaon ḋuine acab naċ raiḃ. "Gaḃfaiḋ mise ann mar sin" adeir sé agus ṫug sé leis a ċlaiṁe. Ċuaiḋ sé taoḃ istiġ de'n ḋorus a ḃí ~~taoḃ~~ ḋul isteaċ 'sa Roilig agus 's gearr a ḃí sé ann nuair a ċuala sé an feadaíl. Nuair a ċonnaic sé an easgann a' teaċt d'éist sé arian léiṫi go raiḃ sí taoḃ istiġ de'n ḋorus ansoin ṫairring sé an ċlaiṁe agus ṫug sé píosa de'n Ímḋéar a ḃí ar ċionn an ḋoruis leis. Ḃain sé an cloigeann de'n easgan agus d'eiriġ an cloigeann agus ~~ċuaiḋ~~

fuair sé greim ar a ṫindéar. Ṫug braon de'n ḟuil ar ṁéir Réamon agus bain sé an méir de féin. D'ḟan an Cloigeann an sin ariaṁ 'sa saoġal gur ṫug an tiasg de na cnámanaiḃ agus d'ḟan na cnámanna i bfosċuġaḋ. Nuair a bí an méid sin déanta aige ċuaiḋ sé abaile. San ám seo bí na flaiṫbearta a bí i gCaisleán Ḋe na Niur a tabairt rudaí uaiḋ d'dornaiḃ eile. An lá seo ṫugadar beiṫiḋiġ ó muinntir Réamon a ṫúrla. Dubairt Réamon leis na dreaṫaraċa go raiḃ sé ċoiṁ ṁaiṫ dóiḃ beó nó marḃ a ḋul agus na flaiṫbearta feiċeáil. "Tá ceaṫar a'inne ann" adeir sé "triúr a'inn féin agus an buaċaill agus tá ceaṫar de na flaiṫbearta ann." Ċuaiḋ siad ċoiṁ fada leis a' gcaisleán agus bí siad taoḃ amuiġ ag a doras agus ċuala siad an níaṫair agus an cailín

a caint taoḃ istiġ. Ċuala siad an
máṫair a ḃriseaḋ cnáiṁ agus a baint a
smior aisti. "An té íosfas an feóil"
adeir sí "ní ólfaiḋ sé an anḃraiṫ".
Níor rinne Réamon aċ an doras a
ḃriseaḋ le cloċ agus a ġabáil isteaċ "Is
fíor ḋuit" adeir sé leis a gcailleaċ.
D'iompuiġ an t-oċtar a ċéile ansoin.
Níor ṫug Réamon triál a ḃiṫ ḋéin fear
a ḃí ingreim ann féin gur marḃuiġ sé
é. Ċuaiḋ sé ar ṫóruiġeaċt a ḃuaċaill
ansoin le faitċíos go mbeaḋ a ḃuaċaill
marḃuiġṫe. Ḃí an fear a ḃí an Éudan a
ḃuaċaill leaguiġṫe agus slaṫ ar a
muineál. Nuair a ḃí an ceaṫar marḃuiġṫe
acab agus ansoin "níl fios a-m" adeir
Réamon leis a tseanḃean "céurd a
ḋeanfas muid leat-sa". "Is cuma ḋaiḃ"
adeir sí "céurd a ḋeanfas sib liom mar
beó nó marḃ. Caoi a'ḃiṫ a bféudfaiḋ

mise mo ṡáṡaim a ḃaint ḋíb bainḟiḋ mé
ḋíb é. Marbuiġ siad ansoin í. Nuair a bí
Réamon píosa 'sa mbaile ansoin ċuaiḋ sé
ar margaḋ ~~ma~~ Ġaillime lá agus nuair a bí
sé aníos ag Maġ Cuilinn a' teaċt abaile
ṫáinig bean taoḃ ṡiar ḋe ar a' gcapall.
Níor rinne sé aċ a sgian a ṫairringt 7
í ṡáṫ. "Ṡíl mé a Ṙéamoinn" adeir sí
"naċ raiḃ tú ċoṁ claiḋearṫa agus naċ
dtiúbrfá an dárna sáṫ uait". Ṫug
11/1/31 sé sáṫ eile ansoin ḋí agus ní ḋearnaiḋ
sí aċ é marbuġaḋ ar a bpointe. (Níl
sé ceart an dárna sáṫ a ṫabairt ḋó
ṫaibse. Níor ċeart aċ aon tsáṫ ariam
a ṫabairt ḋó agus an sgian fágáil ann).

Sgéul eile faoi na flaiṫbearta agus faoi Muinntir Laoiḋe. Níl fios ag an sgeulaiḋe cé'n áit a raib na flaiṫbearta seo ina gcomhnuiḋe

---

Bí naonbar mac de na flaiṫbearta seo ann agus an t-aṫair agus triúr de triúr de Muinntir Laoiḋe agus an t-aṫair. Ċuir an flaiṫbeartaċ duine dá ċlann ċoim fada le Muinntir Laoiḋe (mar bí marc marbuiġṫe acab) ag iarraiḋ cuid dein marc a ċur acab. Ċuir sé sgéula acab duine acab féin a ṫeaċt leis mar ní deanfaḋ sé a mac féin ċoim beag agus go n-iarrfaḋ sé air an feóil iompar. Nuair a ṫáinig an flaiṫbeartaċ óg ċoim fada le Muinntir Laoiḋe séurd a rinne siad é marbuġaḋ agus a ċloigeann a ċeangal suas. Ċuaiḋ duine acab leis an gcloigeann ag na flaiṫbearta agus dubairt an cuid eile leis é leagan ar a' mbord raḋ gurb sin í an feóil agus siubal amaċ. Nuair a fuair siad an cloigeann

ansoin lean an naonbar ceab mac Uí
Laoiḋ. Nuair a ċonnaic aċair muintir
Laoiḋ a teaċt iad. "Teiġiġí rompab anois"
adeir sé leis a' gClann "agus bainiġí
triúr astab ar a ḋul siar díb. Teagaiġí
ar ais ansoin agus bainiġí triúr eile
astab ar a ḋul aniar díb agus ní
beiḋ aċ fear ar a' bfear an uair sin.
"Aċ" adeir sé marḃóċaiḋ mise an sean
ḟlaiṫbeartaċ agus cuirfiḋ mé mo láim
~~ṡí~~ isteaċ ina bolg." Ċuaiḋ siad rompab
ansoin agus bain siad triúr astab ar
a ḋul siar agus triúr eile ar a ḋul
aniar agus ní raiḃ aċ fear ar a bfear
ansoin agus an sean Laoiḋ ar an sean
ḟlaiṫbeartaċ. Marbuiġ muintir Laoiḋ
iad.

11/1/31

Rus = ionnus



Sġéul faoi Ċruaiḋ na Cara sé-sin
Oileán Ṁac Dara atá amaċ ar
aġaiḋ na hÁirde in aice le Cárna

---

Bí stoc mór beiṫiḋiġeaċ 7 caoraċ ar an oileán seo 'sa tsean aimsir. Cuireaḋ soiṫeaċ le fánaḋ in aice leis ar a gcaoi gur ṫáinig sí a dtír ann. D'fan ~~seo~~ sí ann a ḃfaḋ rus gur ṁarbuiġ siaḋ an tarḃ a ḃí ar na beiṫiḋiġ agus an reiṫe a ḃí ar na caoirċ. Nuair a ṡíl siaḋ imṫeaċt as ansoin ní'l aon oiḋċe ċéḃrí ċéin méiḋ ḋein fairrige a ṡeólfaḋ siaḋ naċ mbeaḋ siaḋ ar ais ar maidin lá'r na ṁáireaċ 'san áit ar fág siaḋ. Dubairt siaḋ ansoin gur le naoim éiġint an toileán agus go gcaiṫfiḋís rud éiġint a ḋéanaim ḋó as uċt an tarb 7 an reiṫe a ṁarbuiġeaḋ air. Rinne siaḋ teampall agus tá an teampall le feiceál ann fós. Nuair a ḃí an teampall déanta seaḃ ansoin ṡeól siaḋ agus d'imiġ siaḋ. Ní raiḃ

tarbh na Reithe ann ansoin, ach d'éirigh an
tarbh aníos as a bhfairrge arís. Tá an
poll taobh siar de'n oileán ar éirigh an
tarbh as, tugtar Poll a' Tairbh air. Bíonn
an t-uisge a brúchtáil suas díreach 'san
aer as. Nuair a bhíos an taoide rothairt
~~íseal~~ íseal éirigheann an t-uisge chomh
hárd le teach. Tá áit taobh siar nios
de'n oileán a dtugtar Léim a Reithe air.
Teigheann báid suas 7 anuas 'san áit
seo thoir an t-oileán agus clochar ar a
taobh amuigh. D'éirigh an Reithe a marbhuigheadh
amuigh ar a' gclochar seo agus chaith sé
a léim isteach ar an oileán agus tá
lorg a cheithre cosa 'sa leic istigh ar an
oileán. Connaic mise mé féin lorg na
geosa. Creidim go mba le Mac Dara
na beithidhigh 7 go raibh an tarbh agus
11/1/38 an Reithe naomhtha

Sgéul faoi Cruaċ na Caoile, oileán eile atá taoḃ siar de Cruaċ na Cara. agus faoi Madra Risteard.

Bí fear óg ṡiar i Licir Ȧird a raib Madra Risteard air; ḋe ċlann Doṁnċaḋa a b·ṡeaḋ é. Bí stoc isteaċ ar Cruaċ na Caoile aige agus bí bromaċ ann nár bféadfaiḋ breiṫ air. Ṫug Madra neart congnaim leis ansoin lá go mbeirfeaḋ sé ar a· mbromaċ. Ċuaiḋ an bromaċ siar i dtóin an oileáin naċab agus ní raib aon ḋuine i ndon é leanaċt aċ Madra agus lean seisean é. Bí an bromaċ go díreaċ a gabáil amaċ 'sa bfairrige nuair a rug sé air. Bí drioball ċoim fada sin ar a· mbromaċ gur ċeangail sé na ceiṫre cosa leis agus ansoin ċuir sé a láiṁ amaċ faoi na copa 7 ṫug sé leis é gur leag sé isteaċ 'sa mbád é agus ṫug sé abaile do Licir Ȧird é. Sin é an uair a bí fios go raib sé 'na fear maiṫ. Ċuaiḋ a ċáil i bfad is i ngearr ansoin

naċ raib fear a biṫ ċom maiṫ leis. Bí bodaċ i nGaillim an uair sin agus lá dá dtáinig Maolra ar a ṫráiġ ṫug a máṫair litir dó. "Seo litir ó bodaċ i nGaillim" adeir sé "a cur troda orm. D'iarr sé orm a biṫ ann indiu agus níl aon moill le déanaṁ agam. Caiṫfiḋ dul an bealaiġ ar a bponnce agus fear eile a ṫabairt liom." D'imṫiġ leis agus fear dá'r b'ainm Tadġ Bán leis. Ḋe Clainne Maoilċiaráin do b' ṡeaḋ Tadġ. Ḃuail leóṫab 7 nuair a bí siad a gabail síos Cnoc na Léime ċonnaic siad bodaċ na Gaillime a teaċt aċab. Ḃeannuiġ siad dá ċéile. "Ar tusa an fear atá a gabail go litir áird" adeir Maolra. "Is mé" adeir sé. "Mise an fear atá tú iarraiḋ" adeir Maolra "agus tá sé ċom maiṫ ḋúinn a ċéile feiċeáilt 'san áit a bfuil muid. Aċ ní

ġabfaiḋ mé a troid leat go mbeiḋ fios
a'm a bfuil aon maiṫ an tfear leat.
Tá fear anseo an aoinfoċt liom agus
teigiġí a ċur carruiġeaċt le céile go
bfeicfiḋ mé a bfuil aon maiṫ leat." Ċuaiḋ
siad a carruiġeaċt agus bí taḋg bán
na fear ċóm maiṫ leis. bfuil fios aḋ
céard é féin" adeir Maolra" ġabfainn se
a troid leat aċ bfeadir an céad dorna
a buailfinn ort go marbóċainn tú aċ
tiocfaiḋ mé a ~~troid leat~~ carruiġeaċt
leis a mbeirt agaib go bfeicfiḋ mé a bfuil
aon maiṫ lib." Ċuaiḋ se carruiġeaċt
leis a' mbeirt agus ċaiṫ se ċaoi duine
seabuaiḋ mar ċaiṫfeaḋ se dá dornán
coirce. "Anois" adeir se "a bfuil do
dóċam aḋ". "Ó tá" adeir fear na
Saillíne. "féadfaiḋ tú ḋul abaile"
adeir Maolrae "ní deanfaiḋ mise
aon blas ort." Marbóċaiḋ Maolrae

le aon dorna aṁáin é. Tá Maolra
curṫa i dteampall ~~Maoe~~ Muiġ Ros
agus leac ar a ċlann. Níl duine a
ḃiṫ curṫa sa teampall seo aċ clann
11/1/31 Ḋonnaċaḋa

An Céud Ḟear de Ċlann Ḋomnaċaḋa a ṫáinig isteaċ go Gleann Iarr Connaċta

Ṫáinig an fear seo go Gleann Iar Connaċta agus bí sé an oiḋċe air. Ċuir sé a ċlainne suas i mbun tsof a tiġe agus ċuir sé ċóm fada suas é agus naċ mbeaḋ aon feiceál air. I dteaċ de Muinntir Tuaṫail a ṫáinig sé. Ċaiṫ sé le 's bliaḋain ansoin ann ag obair 's mar sin aċ naċ ndeunfaḋ sé faḋa aċ a méid a d'iarrfiġ air. Ṫáinig Creaċadóirí ansoin lá agus ṫug siaḋ leóṫab an méid beiṫiḋiġ a bí ag Tuaṫal. Ċruinniġ Tuaṫal an baile air faḋ ag iarraiḋ na beiṫiḋiġ a ċongbáil aċ níor iarr sé Mac Ui Ḋonnċaḋa ċor a' biṫ a bí istiġ 'sa teaċ. Ní raib siaḋ indon na beiṫiḋiġ a ċongbáil. Nuair a bí na beiṫiḋiġ tugṫa uaiḋ ansoin ṫáinig sé isteaċ "Is aisteaċ a fear tí" adeir sé "atá 'mo teaċ le bliaḋain 's naċ dtiocfaḋ a ċongnaim dom

inḋiu." "Ar iarr tú mé?" adeir a' fear.
"Níor iarras" adeir sé. "Bhoil" adeir a'
fear níl tú bit dá ḋonaċt naċ fiú
fead a ligean uirċí, ṫuig dtiocfainn-
se 'n aonfeaċt leat nuair nár iarr tú
mé. Aċ cá'il siad anois." "Ó is cuma
cá bhfuil siad" adeir sé "ní ṫiocfaidh
tusa suas leóṫab" "B'féidir go dtiocfainn"
adeir sé. Ċuaiḋ sé amaċ 's ṫug sé
leis a ċlaiḋṁe agus sé 'n áit a dtáinic
sé suas leóṫab ag Caorán Uí Ṫuaṫail
agus seo é an fáṫ a bhfuil Caorán Uí
Ṫuaṫail ar an áit ó ċoin. Níor fág sé
ceann ar ċolainn ar aon ḋuine aċab
mar a raiḃ ceann a ríc uaiċ gur bain
sé ḋíob na beiċiḋiġ agus go dtug sé
ag Mac Uí Ṫuaṫail 'sa ngleann siad.
"Anois tá siad ad" adeir sé "agus
céard tá tú gabhail a ḋéanamh liomsa."
"Tá seisear inġean agam" adeir sé

agus triúr mac; féadfaidh tú duine a
biṫ de na hingheanaċa a phósadh". ~~Pósadh~~
Pósfadh mé an ceann is sine" adeir
sé "níl mé gabhail a dhéanamh caillteaċ
de ċeartar acab *agus 's gearr go mbeidh
an ċuid eile acab pósta freisin". Dubhairt
0/1/31 sé go dtiubhfadh sé 60 is fiche agus
tarbh dó.

Irish Folk Lore Institute * 1, Hume Street, Dublin *